**RABHADH**
**Caithfidh tú an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.**
**Mura ndéanann tú sin, caillfidh tú marcanna.**

**SCRÚDUIMHIR** ☛

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Iomlán na Marcanna

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

# SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2002

# EACNAMAÍOCHT BHAILE

## ARDLEIBHÉAL

***DÉ hAOINE 14 MEITHEAM – TRÁTHNÓNA 2.00 – 4.30***

**Iomlán na Marcanna 300**

**STAMPA AN IONAID**

| Don scrúdaitheoir amháin | | |
|---|---|---|
| **CEIST** | | **MARC** |
| Roinn A (Iomlán) | | |
| | | |
| Roinn B | **1** | |
| | **2** | |
| | **3** | |
| | **4** | |
| | **5** | |
| | **6** | |
| **IOMLÁN** | ➔ | |
| **GRÁD** | ➔ | |

**TREORACHA**

1. Roinn A - 80 marc
   Freagair (fiche) 20 ceist ó Roinn A;
   tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

2. ***Freagair na ceisteanna ar fad sna spásanna atá ann dóibh.***

3. Ní mór na bileoga freagraí comhlánaithe do Roinn A a thabhairt ar ais d'fheitheoir an scrúdaithe.

4. Roinn B - 220 marc.
   Freagair (ceithre) 4 cheist ó Roinn B;
   tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

## ROINN A
## 80 marc

**Freagair 20 (fiche) ceist díobh seo a leanas. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

**1.** Ainmnigh vitimín **amháin** atá riachtanach chun **gach ceann** de na galair easpa seo a leanas a sheachaint:

| GALAR EASPA | VITIMÍN ATÁ RIACHTANACH |
|---|---|
| **(i)** An galar carrach (An scorbach) | **(i)** |
| **(ii)** Daille oíche | **(ii)** |
| **(iii)** Beri beri | **(iii)** |
| **(iv)** Raicíteas | **(iv)** |

**2.** Mínigh cén fáth a gcaitear bianna áirithe a fhágáil as aiste bia chéiliach (coeliac).

______________________________

______________________________

**3.** Luaigh **dhá** éifeacht a bhíonn ag teas ar bhainne.

**(i)** ______________________________

______________________________

**(ii)** ______________________________


______________________________

**4.** Ainmnigh na codanna den ghránbharr atá lipéadaithe le A, B agus C.

A ______________________________

B ______________________________

C ______________________________



**5.** Ainmnigh **ceithre** bhia a bhfuil cion mór salainn iontu.

**(i)** ______________________________ **(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________ **(iv)** ______________________________

**6.** Tabhair **dhá** bhuntáiste a bhaineann le stoc a úsáid nuair atá anraith á dhéanamh agat.

**(i)** ____________________________________________________________

**(ii)** ____________________________________________________________

**7.** Mínigh an téarma ***ráthaíocht*** ____________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

**8.** Ainmnigh **dhá** asbhaint is féidir a bhaint as ioncam comhlán fostaí.

**(i)** ____________________________________________________________

**(ii)** ____________________________________________________________

**9.** Liostaigh **ceithre** mhír eolais ba cheart a chur i litir ghearáin chuig miondíoltóir.

**(i)** ____________________________________________________________

**(ii)** ____________________________________________________________

**(iii)** ____________________________________________________________

**(iv)** ____________________________________________________________

**10.** Mol **dhá** rogha choigiltis atá ar fáil do dhéagóir atá ag iarraidh airgead a choigilt.

**(i)** ____________________________________________________________

**(ii)** ____________________________________________________________

**11.** Mol **<u>ceithre</u>** bhealach ar féidir le tomhaltóir dramhaíl tí a laghdú.

**(i)** ____________________

**(ii)** ____________________

**(iii)** ____________________

**(iv)** ____________________

**12.** Cén fheidhm atá ag an ***laraing*** sa chóras riospráide? ____________________

____________________

____________________

**13.** Mínigh **<u>gach ceann</u>** de na téarmaí seo a leanas:

**(i)** **míostrú** ____________________

____________________

**(ii)** **toirchiú** ____________________

____________________

**14.** Déan cur síos ar an gcóireáil chéadchabhrach dá mbeadh rúitín leonta ag duine ____________________

____________________

____________________

____________________

**15.** Tabhair **<u>dhá</u>** threoirlíne is féidir a leanúint chun baol ghalar croí a laghdú.

**(i)** ____________________

**(ii)** ____________________

**16.** Rianaigh **<u>dhá</u>** réamhchúram shábháilteachta ba cheart a ghlacadh i gcás sceitheadh gáis sa teach.

**(i)** ______________________________

______________________________

**(ii)** ______________________________

______________________________

**17.** Tabhair cúis **<u>amháin</u>** a gcuirtear **<u>gach ceann</u>** de na substaintí seo a leanas sa soláthar uisce.

| **SUBSTAINT** | **CÚIS** |
|---|---|
| **(i)** Clóirín | **(i)** |
| **(ii)** Fluairíd | **(ii)** |

**18.** Mínigh an téarma ***eirgeanamaíocht*** ______________________________

______________________________

______________________________

**19.** Luaigh **<u>dhá</u>** chúis a bhfuil aeráil mhaith riachtanach i gcistin.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**20.** Cén t-eolas a chuireann an tsiombail seo in iúl don tomhaltóir?



______________________________

______________________________

______________________________

**21.** Déan cur síos ar bhealach **amháin** chun marcanna patrúin a chur i bhfeidhm ar fhabraic ______

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**22.** Tabhair **dhá** shampla de shnáithíní nádúrtha agus mol úsáid éagsúil do **gach ceann** díobh.

| SNÁITHÍN NÁDÚRTHA | ÚSÁID |
|---|---|
| **(i)** | **(i)** |
| **(ii)** | **(ii)** |

**23.** Liostaigh **ceithre** fheidhm atá ag éadaí.

**(i)** ______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

**(iii)** ______________________________________________

**(iv)** ______________________________________________

**24.** Ainmnigh an greim a thaispeántar sa léaráid agus luaigh úsáid **amháin** a bhaintear as.


Ainm ______________________________

Úsáid ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________



S39T

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

# SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2002

**EACNAMAÍOCHT BHAILE**

**ARDLEIBHÉAL**

**DÉ hAOINE 14 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.30**

# ROINN B
**(220 MARC)**

**TREORACHA**

Freagair **CEITHRE** (4) cheist ón roinn seo;
tá na ceisteanna uile ar aon mharc.



THALL→

**ROINN B**
**220 marc**

**1.** Tá an t-eolas seo a leanas ar bhosca pizza reoite.

**Pizza ar dhóigh na hIodáile**

| COMHÁBHAIR | EOLAS COTHAITHEACH |
|---|---|
| Plúr cruithneachta, Céadar agus Cáis Mhozzarella (20%), Uisce, Sicín (11%), Piobair dhearga (8%), Tráta, Oinniún, Ola ghlasra, Frithocsaídeoirí, Siúcra, Giosta, Salann, Luibheanna, Spíosraí, Eiblitheoirí. | Meánluachanna per 100g<br>Fuinneamh 233kcal/980kj<br>Carbaihiodráití 27.2g<br>Próitéin 11.4g<br>Saill 8.7g<br>Snáithín 2.1g<br>Sóidiam 0.5g |
| Pizza ar dhóigh na hIodáile | **328g e** 5 011003 008387 |

**(a)** Déan luach cothaitheach an pizza reoite seo a mheas.

**(b)** Leag amach biachlár, agus pizza san áireamh ann, a bheadh oiriúnach mar phríomhbhéile do dhéagóir.

**(c)** Tabhair dhá chúis nach bhfuil an pizza seo oiriúnach do vegan.

**(d)** **(i)** Ainmnigh **dhá** bhreiseán bhia a úsáideadh sa phizza seo.

**(ii)** Luaigh an fheidhm atá ag breiseán bia **amháin** atá ainmnithe agat.

**(e)** Cén tsiombail ar an mbosca pizza reoite seo a thaispeánann an áit thionscnaimh?

**2.** **(a)** Tabhair **ceithre** fháth ar chóir feoil a bheith san aiste bia.

**(b)** Cad iad na treoirlínte ar chóir cloí leo agus feoil mhionaithe **(i)** á ceannach **(ii)** á stóráil **agus** **(iii)** á cócaráil agat?

**(c)** Ainmnigh **trí** tháirge feola.

**(d)** Tabhair sampla **amháin** de bhia ionaid feola.

**(e)** Cén fáth a bhfuil tóir ar bhianna ionaid feola le blianta beaga anuas?

**3.** Tá cearta ag tomhaltóirí agus tá freagrachtaí ar thomhaltóirí.

**(a)** Mínigh an ráiteas seo agus tabhair samplaí sa mhíniú agat.

**(b)** Tabhair **trí** bhuntáiste agus **trí** mhíbhuntáiste a bhaineann le fógraíocht.

**(c)** Ainmnigh eagraíocht **amháin** a rialaíonn caighdeáin fhógraíochta.

**(d)** Cén chaoi a dtugann an tAcht um Fhaisnéis Tomhaltóirí cosaint don tomhaltóir?

**(e)** Mínigh **gach ceann** de na téarmaí seo a leanas: **(i)** praghsáil aonaid **agus** **(ii)** tobcheannach.

**4.** Tráth athruithe is ea an ógántacht.

**(a)** Rianaigh **trí** athrú fhisiciúla a tharlaíonn do bhuachaillí agus **trí** athrú fhisiciúla a tharlaíonn do chailíní le linn caithreachais.

**(b)** Liostaigh **ceithre** threoirlíne ba chóir do dhéagóir a leanúint ar mhaithe le sláinteachas pearsanta maith a chothú.

**(c)** Déan cur síos ar **dhá** bhealach dhearfacha agus **dhá** bhealach dhiúltacha inar féidir le déagóirí a bheith faoi thionchar a gcomhaosach.

**(d)** Ainmnigh eagraíocht **amháin** a thairgeann tacaíocht do dhéagóirí agus déan cur síos gairid ar an gcaoi a ndéantar an tacaíocht seo a sholáthar.

**5.** Fearas riachtanach sa chistin é an cuisneoir.

**(a)** Tabhair **trí** bhuntáiste a bhaineann le cuisneoir a úsáid.

**(b)** Rianaigh **cúig** phointe ba cheart a chur san áireamh agus cuisneoir á cheannach agat.

**(c)** Cad iad na treoirlínte praiticiúla is cóir a leanúint nuair atá cuisneoir: **(i)** á úsáid **agus** **(ii)** á ghlanadh agat.

**(d)** Mínigh cad is brí le *rátáil ceithre réalta* ar chuisneoir/reoiteoir.

**6.** Teicstíl is ea an cadás a bhfuil an-tóir air agus ar féidir go leor úsáid a bhaint as.

**(a)** Rianaigh na céimeanna i dtáirgeadh an chadáis.

**(b)** Liostaigh **trí** shampla d'fhabraic chadáis.

**(c)** Luaigh **trí** bhailchríoch fabraice is féidir a chur i bhfeidhm ar chadás.

**(d)** Luaigh **dhá** airí inmhianaithe a bhaineann le cadás mar theicstíl tí.

**(e)** Tarraing sceitse den tsiombail a thaispeánann gur cadás íon is ea fabraic áirithe.